


Treoirleabhar le haghaidh an ROTO RASP

Sula n-úsáidfidh tú an ROTO RASP nuálaíoch déan mar seo a leanas:

Léigh na rialacha sábháilteachta oibre a bhaineann leis an líomhadóir diosca cumhachta. Féadfaidh turraing leictreach, dóiteán nó gortú pearsanta tromchúiseach a ghabháil duit mura leanfaidh tú na treoracha sábháilteachta chun an uirlis chumhachta agus an ROTO RASP a úsáid.

1. Tabhair aird ar shonraíochtaí teicniúla an líomhadóra diosca cumhachta (cumhacht, uasmhéid imrothluithe agus cineál sábháilteachta leictreachais).
2. Léigh na treoracha oibre a bhaineann le rothaí ROTO RASP. Ná caith amach iad. Má thugann tú an roth ROTO RASP ar iasacht do dhuine ar bith, tabhair na treoracha seo dó/di i dteannta leis an uirlis le go rachaidh sé/sí i dtaithí ar dhálaí oibre sábháilte.
3. Is uirlis í ROTO RASP chun ábhair bhoga a líomhadh (adhmaid, plaistigh, rubar, Styrofoam, tarraí saorga). Níl sé oiriúnach chun miotal a líomhadh.
4. ROTO RASP a chóimeáil ar an fhearsaid:
 - a) Roimh an chóimeáil déan iniúchadh ar an roth líofa ROTO RASP féachaint an bhfuil damáiste ar bith déanta dó. Ná bain úsáid as ROTO RASP atá scoilte nó míchumtha.
 - b) Bí cinnte go bhfuil an líomhadóir diosca cumhachta dícheangailte ón soláthar príomhlíonra.
 - c) Cuir an feire tacaithe ar fhearsaid an líomhadóra diosca cumhachta.
 - d) Cuir an diosca ROTO RASP ar an fheire tacaithe agus lárnaigh é. Tabhair aird ar an socrú ceart maidir le dromchla cuartha an ROTO RASP.
 - e) Úsáid feire agus rinse cuí chun an roth ROTO RASP a theannadh le go mbeidh sé i riocht oibre. Ná bain úsáid ach as na feirí agus na huirlisí bunaidh lena theannadh.
 - f) Bí cinnte go bhfuil an chosaint sábhála greamaithe agus cuir teannadh breise air más gá sin. Ná dúisigh an uirlis gan pháirteanna sábháilteachta a bheith feistithe uirthi.
 - g) Úsáid do lámh chun a chinntiú go bhfuil an ROTO RASP in ann rothlú gan bhac.
 - h) Dúisigh an uirlis chumhachta ar feadh tréimhse thástála 30-soicind agus lig di teacht suas chuig an uasmhéid imrothluithe. Má mhothaíonn tú í ag creathadh go láidir nó má bhíonn lochtanna eile ann, múch an uirlis chumhachta láithreach agus fiosraigh cad é is dócha is cúis leis an chreathadh.



Fógra! Fiú má tá ROTO RASP suiteáilte i gceart ar an uirlis chumhachta agat, ní leor sin chun úsáid shábháilte a chinntiú.

RABHADH!

Sábháilteacht sa Láthair Oibre

- Úsáid dioscaí líofa ROTO RASP lasmuigh agus ar dhromchlaí cothroma, gan tada a bheith ann a stopfadh leat gluaiseacht gan bhac mórthimpeall ar an láthair oibre. Ba chóir go mbeadh solas maith sa láthair oibre.
- Coinnigh an uirlis glan amach ó leachtanna inlasta, ó gháis agus ó dheannach.
- Ba chóir go mbeadh an saotharphíosa greamaithe san áit a n-oibreoidh tú air.
- Roimh thosú duit bain amach ón saotharphíosa aon earraí miotail (tairní, scriúnna, crúcaí, srl).
- D'fhéadfadh an uirlis imeacht ó smacht uait mura goinníonn tú aird i gcónaí uirthi. Coinnigh lucht féachana, leanaí agus ainmhnithe siar ón láthair oibre agus tú ag obair leis an ROTO RASP. Féadfaidh caithníní scaoilte eitilt leo agus díobháil a dhéanamh fiú taobh amuigh den láthair oibre féin.
- Bí cinnte go n-úsáideann tú spéaclaí cosanta. Úsáid éadaí cosanta eile ag brath ar an ábhar, uirlis chumhachta, láthair na hoibre agus an tréimhse oibre. Áirítear mar threalamh cosanta eile: lámhainní cosanta, masc, cosaint chluaise agus coisbheart neamhsciorrach.
- Más féidir málaí scagtha a chur ar an uirlis chumhachta, chun caithníní a fholúsghlanadh agus a ghabháil, bí cinnte go bhfuil siad suiteáilte i gceart.
- Bí gléasta mar is cóir. Féadfaidh gortuithe tromchúiseacha a ghabháil duit de dheasca éadaí scaoilte, gruaig fhada nó seodra ag dul i bhfastó i bpáirteanna gluaiстеacha.
- Ná déan rómheas ar do chumas féin. Glac suíomh sábháilte socair agus coinnigh tú féin ar do chothrom.
- Beir greim ar an uirlis chumhachta leis na hanlaí inslithe amháin. Mar gheall ar chúinsí nach mbeadh súil leo, tharlódh go millfí nó go ngearrfaí an corda soláthair.
- Ná déan an uirlis chumhachta nó an ROTO RASP a fhórsáil. Ní chuireann sé le héifeacht an ROTO RASP an roth a bhrú in aghaidh an saotharphíosa; ardaíonn sé

teocht an ROTO RASP agus fórsálann sé an líomhadóir diosca chumhachta. Tá cosc ar fhuarú fórsáilte le leacht nó le hola de chineál ar bith.

- Ná húsáid an ROTO RASP má tá tuirse ort, nó nuair atá tú faoi thionchar drugaí, alcóil nó cógais.
- Ná húsáid rothaí ROTO RASP atá seanchaite ná millte. Ní cead lanna líofa a fhaobhrú.
- Ná cuir síos an uirlis chumhachta sula stadann an ROTO RASP. Ná húsáid fórsa cliathánach choíche chun imrothlú na bpáirteanna uirlise a stopadh.
- Féadfaidh ROTO RASP bheith te tar éis úsáide. Ná bain de sula bhfuarann sé.
- Ní féidir ach le daoine atá oilte chun oibre le huirlisí chumhachta agus atá eolach ar phriacail dóchúla ó úsáid rothaí líofa imrothlaitheacha, agus ar chéimeanna sábháilteachta, rothaí ROTO RASP a úsáid. Féadfaidh daoine atá faoi mhaoirseacht duine oilte rothaí ROTO RASP a úsáid freisin chun críche oiliúna má tá siad eolach ar na céimeanna sábháilteachta uile. Ní fhéadfaidh daoine atá faoi mhíchumas (míchumas coirp nó neamhord síceach de chineál ar bith) rothaí ROTO RASP a úsáid ach amháin faoi mhaoirseacht duine oilte.

Cúram ROTO RASP:

- Coinnigh an ROTO RASP in áit thirim.
- Bí cinnte nach dteagmhaíonn na lanna le dromchlaí miotail.
- Ná cuir earraí ar bith ar rothaí ROTO RASP. Tá cosc ar ROTO RASP míchumtha a úsáid.

Diúscairt ROTO RASP:

- Tá an ROTO RASP comhdhéanta as cruach stáin agus feire polapróipiléin; tar éis iad a scaradh is féidir iad a athchúrsáil go hiomlán. Ná diúscair an roth i dteannta le bruscar tí. Faoi réir ag rialacháin áitiúla ba chóir an roth a dhiúscairt i gclós athchúrsála nó i gcoimeádáin speisialta um dhiúscairt mhiotail.